C/2024/2879

24.4.2024

Nuashonrú ar mhéideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(C/2024/2879)

Na méideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

MÉIDEANNA TAGARTHA IS GÁ CHUN NA TEORAINNEACHA SEACHTRACHA A THRASNÚ, ARNA LEAGAN SÍOS AG NA hÚDARÁIS NÁISIÚNTA

AN BHULGÁIR

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 153, 6.7.2007, lch. 22.

De réir Airteagal 17 den Reacht maidir leis na Téarmaí agus na Coinníollacha maidir le Víosaí a Eisiúint agus lena Socraítear an Córas Víosaí arna ghlacadh le Foraithne Uimh. 198 an 11 Iúil 2011, an leasú deireanach an 13 Bealtaine 2022, ba cheart d'aon eachtrannach a dhéanfaidh iarratas ar víosa gearrfhanachta fianaise a chur ar fáil go bhfuil cóir mhaireachtála aige ar leor í chun a speansas le linn a chuairte a íoc. 50 EUR a bheidh sa mhéid sin in aghaidh an lae i gcomhair gach lae den chuairt a iarradh san iarratas ar víosa nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca, ach méid nach lú ná 500 EUR nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca, nó doiciméad le haghaidh seirbhís turasóireachta réamhíoctha.

Leagadh síos leis freisin nach mór na hacmhainní airgeadais s gá chun lóistín a fháil a bheith ag an duine, méid nach lú ná 50 EUR le haghaidh gach lae den tréimhse fanachta a iarradh san iarratas ar víosa nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca, nó doiciméad le haghaidh oícheanta réamhíoctha in óstán nó i ndídean turasóirí, nó cuireadh-dearbhú ó Bhulgáireach nó ó dhuine dlítheanach Bulgáireach ina bhfuil gealltanas uaidh go gcumhdóidh sé na costais uile a bheidh tabhaithe le haghaidh thréimhse chónaithe an eachtrannaigh i gcríoch Phoblacht na Bulgáire.

Chomh maith leis sin, ba cheart fianaise a chur i láthair go bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá chun an tír a fhágáil nó ticéad ina sheilbh ag an duine, agus ar theacht isteach dó agus feithicil á tiomáint aige - acmhainní 100 EUR ar a laghad nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca.

De réir Airteagal 16 den Reacht maidir leis na Téarmaí agus na Coinníollacha maidir le Víosaí a Eisiúint agus lena Socraítear an Córas Víosaí, arna ghlacadh le Foraithne Uimh. 198 an 11 Iúil 2011, an leasú deireanach an 13 Bealtaine 2022, cuirfidh gach eachtrannach, agus é ag cur isteach iarratas ar eisiúint víosa gearrfhanachta chun críche idirthurais, fianaise ar fáil lena ndeimhneofar go bhfuil na hacmhainní córa maireachtála is gá aige le haghaidh gach idirthurais, méid 50 EUR nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca, agus i gcás idirthuras ar tír agus feithicil á tiomáint ag an duine - acmhainní breise 200 EUR ar a laghad nó a chomhluach in BGN nó in airgeadra eile is féidir a mhalartú go héasca.

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

AN LIOTUÁIN

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 247, 13.10.2006, lch. 19.

Faoin Dlí maidir le Stádas Dlíthiúil Eachtrannach, ní mór d'eachtrannach atá ag teacht isteach i gcríoch Phoblacht na Liotuáine a chruthú go bhfuil cóir mhaireachtála leordhóthanach nó foinse na córa sin aige chun fanacht i bPoblacht na Liotuáine, chun turas a dhéanamh ar ais chuig a thír nó chun dul ar aghaidh go tír eile a bhfuil sé de cheart aige dul isteach inti.

De bhun Ordú Uimh. V-227 ón Aire Gnóthaí Eachtracha an 4 Iúil 2023, is é 50 EUR in aghaidh an lae méid na córa maireachtála nach mór d'eachtrannach a bheith ar fáil dó ag dul isteach sa Liotuáin. Níl an ceanglas réamhluaite infheidhme i gcás mionaoisigh atá ag taisteal in éineacht le ball teaghlaigh fásta.

Seachas sin, d'fhéadfadh eachtrannach a chruthú go bhfuil cóir mhaireachtála leordhóthanach aige trí chuireadh a chur ar fáil (Tarpininkavimo raštas/Kvietimas), i gcás ina ndearbhaíonn an duine a thugann an cuireadh go bhfuil oibleagáid air a áirithiú go dtabharfar cóiríocht agus tacaíocht leordhóthanach don eachtrannach le linn a fhanachta.

AN SPÁINN

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 143, 31.3.2022, lch. 6.

Le hOrdú PRE/1282/2007 ó Aireacht Oifig an Phríomh-Aire an 10 Bealtaine 2007 maidir leis na hacmhainní airgeadais nach mór do náisiúnaigh eachtracha a chruthú go bhfuil siad ar fáil dóibh chun go bhféadfaidís dul isteach sa Spáinn, sonraítear na hacmhainní airgeadais nach mór d'eachtrannaigh a chruthú go bhfuil siad acu chun go bhféadfaidís dul isteach sa Spáinn.

(a) Chun na speansais a bhaineann lena bhfanacht sa Spáinn a chumhdach, ní mór gur 10 % ar a laghad, in euro, den ollphá íosta náisiúnta in aghaidh na míosa (113,40 EUR) a bheidh sa mhéid atá le cruthú go bhfuil sé ar fáil dóibh, sin nó a choibhéis dhlíthiúil in airgeadra eachtrach, arna iolrú faoin líon laethanta atá beartaithe acu fanacht sa Spáinn agus faoin líon daoine atá ag taisteal faoina gcúram. Ní mór gur 90 % ar a laghad den ollphá íosta náisiúnta in aghaidh na míosa (1 020,60 EUR) a bheidh sa mhéid atá ar fáil dóibh in aghaidh an duine, sin nó a choibhéis dhlíthiúil in airgeadra eachtrach, gan beann ar fhad an fhanachta atá beartaithe.

(b) Chun filleadh ar an tír thionscnaimh nó chun idirthuras a dhéanamh trí thríú tíortha, ní mór d'eachtrannaigh a bheith in ann ticéad nó ticéid a thaispeáint atá neamh-inaistrithe agus a bhfuil a n-ainm agus dáta socraithe le sonrú air/orthu le haghaidh an mhodha iompair atá beartaithe acu a úsáid.

Ní mór d'eachtrannaigh a chruthú go bhfuil na hacmhainní airgeadais a shonraítear thuas acu trí na hacmhainní sin a thaispeáint, más in airgead tirim atá siad, nó trí sheiceanna deimhnithe, seiceanna taistil, admhálacha, nó cártaí creidmheasa a thaispeáint, rudaí nach mór ráiteas bainc nó leabhar bainc cothrom le dáta a bheith ag gabháil leo (ní ghlacfar le litreacha bainc ná le ráitis bhainc arna bhfáil ón idirlíon), sin nó aon fhianaise eile a chruthaíonn go soiléir an méid creidmheasa atá ar an gcárta nó sa chuntas bainc sin.

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 19.

IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.

IO C 153, 6.7.2007, lch. 22.

IO C 164, 18.7.2007, lch. 45.

IO C 182, 4.8.2007, lch. 18.

IO C 57, 1.3.2008, lch. 38.

IO C 134, 31.5.2008, lch. 19.

IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.

IO C 33, 10.2.2009, lch. 1.

IO C 36, 13.2.2009, lch. 100.

IO C 37, 14.2.2009, lch. 8.

IO C 98, 29.4.2009, lch. 11.

IO C 35, 12.2.2010, lch. 7.

IO C 304, 10.11.2010, lch. 5.

IO C 24, 26.1.2011, lch. 6.

IO C 157, 27.5.2011, lch. 8.

IO C 203, 9.7.2011, lch. 16.

IO C 11, 13.1.2012, lch. 13.

IO C 72, 10.3.2012, lch. 44.

IO C 199, 7.7.2012, lch. 8.

IO C 298, 4.10.2012, lch. 3.

IO C 56, 26.2.2013, lch. 13.

IO C 98, 5.4.2013, lch. 3.

IO C 269, 18.9.2013, lch. 2.

IO C 57, 28.2.2014, lch. 2.

IO C 152, 20.5.2014, lch. 25.

IO C 224, 15.7.2014, lch. 31.

IO C 434, 4.12.2014, lch. 3.

IO C 447, 13.12.2014, lch. 32.

IO C 38, 4.2.2015, lch. 20.

IO C 96, 11.3.2016, lch. 7.

IO C 146, 26.4.2016, lch. 12.

IO C 248, 8.7.2016, lch. 12.

IO C 111, 8.4.2017, lch. 11.

IO C 21, 20.1.2018, lch. 3.

IO C 93, 12.3.2018, lch. 4.

IO C 153, 2.5.2018, lch. 8.

IO C 186, 31.5.2018, lch. 10.

IO C 264, 26.7.2018, lch. 6.

IO C 366, 10.10.2018, lch. 12.

IO C 459, 20.12.2018, lch. 38.

IO C 140, 16.4.2019, lch. 7.

IO C 178, 28.5.2020, lch. 3.

IO C 102, 24.3.2021, lch. 8.

IO C 486, 3.12.2021, lch. 26.

IO C 139, 29.3.2022, lch. 3.

IO C 143, 31.3.2022, lch. 6.

IO C 258, 5.7.2022, lch. 13.

IO C 281, 22.7.2022, lch. 4.

IO C 107, 23.3.2023, lch. 63.

IO C, C/2023/266, 19.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/266/oj.

IO C, C/2023/793, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/793/oj.

IO C, C/2024/1120, 24.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1120/oj.

IO C, C/2024/1951, 4.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1951/oj.